2024/496

22.2.2024

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 246/2021

an 24 Meán Fómhair 2021

lena leasaítear Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/496]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2018/644 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Aibreán 2018 maidir le seirbhísí seachadta beartán trasteorann ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1263 ón gCoimisiún an 20 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear na foirmeacha chun faisnéis a chur isteach ag soláthraithe seirbhíse seachadta beartán trasteorann de bhun Rialachán (AE) 2018/644 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 5da (Cinneadh 2010/C 217/07 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE:

'5db. **32018 R 0644**: Rialachán (AE) 2018/644 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Aibreán 2018 maidir le seirbhísí seachadta beartán trasteorann (IO L 112, 2.5.2018, lch. 19).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

Tuigfear gur tagairtí do Chomhaontú LEE iad na tagairtí do dhlí an Aontais.

5dc. **32018 R 1263**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1263 ón gCoimisiún an 20 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear na foirmeacha chun faisnéis a chur isteach ag soláthraithe seirbhíse seachadta beartán trasteorann de bhun Rialachán (AE) 2018/644 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 238, 21.9.2018, lch. 65).'

Airteagal 2

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialachán (AE) 2018/644 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1263 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 25 Meán Fómhair 2021, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 136/2020 ó Chomhchoiste LEE an 25 Meán Fómhair 2020 ([3]), cibé acu is déanaí.

([1]) IO L 112, 2.5.2018, lch. 19.
([2]) IO L 238, 21.9.2018, lch. 65.
* Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.
([3]) IO L 172, 6.7.2023, lch. 37.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Meán Fómhair 2021.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Rolf Einar FIFE